Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2024
(OR. en, de)

9266/24
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0095(COD)**

CODEC 1180
COMPET 475
IND 229
MI 444
ENER 205
ENV 462
CONSOM 171

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ostair**

Cé go bhfeictear don Ostair i gcónaí go bhfuil gá le breis soiléireachta i réimsí áirithe den rialachán atá beartaithe, de mheon an chomhréitigh, tacóidh sí leis an téacs reatha. Mar sin féin, ní mór béim a leagan athuair ar na pointí seo a leanas:

Tá forchoimeádais shuntasacha ag an Ostair maidir le hAirteagal 65 (soláthar poiblí glas).
i bhfianaise chásdlí bunaithe CBAE, ina sonraítear gur faoin údarás conarthach comhfhreagrach atá sé na critéir dhámhachtana a roghnú le haghaidh gach nós imeachta soláthair agus iad a ualú (féach, mar shampla, Cás C-19/00, *SIAC*, mír 36; Cás C-448/01, *EVN agus Wienstrom*, mír 37), measann an Ostair nach bhféachfaidh an Coimisiún ar bhunú critéar ceangailteach dámhachtana lena mbaineann ualuithe agus spriocanna ceangailteacha ar an leibhéal náisiúnta ach mar rogha dheireanach tráth a bheidh gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh faoi Airteagal 65.

Ina theannta sin, tá an Ostair den tuairim gur cheart an sainmhíniú maidir le critéir ghlasa sa soláthar poiblí a chomhtháthú i gcur chuige comhleanúnach cothrománach a ionchorpraítear sna treoracha soláthair.

Tá an Ostair i bhfabhar a áirithiú freisin go ndéanfar na ceanglais le haghaidh pasanna táirgí digiteacha a dhearadh ar shlí a gcuirfidh teorainn réasúnta le hualach na ngnólachtaí agus go ndéanfar meastóireacht thráthúil ar thionchar an phas táirge dhigitigh ó thaobh an ualaigh riaracháin breise agus na gcostas gaolmhar a bhaineann leis, go háirithe do FBManna.